



Féach ar na nótaí lastall roimh an bhfoirm seo a chomhlánú

- (a) Ainm Iomlán na Éilitheora
- (b) Seoladh an Éilitheora
(Eircode san áireamh)
- (c) Uimhir Clárúcháin Cánach

--	--	--	--	--	--	--	--	--

Éilím aisíocaíocht eatramhach de cháin iarchoimeádta don tréimshe cuntasáíochta nó don bhonn
tréimshe de na

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

 míonna dár críoch an. Is é seo / ní hé seo* an
chéad éilimh don tréimhse sin (*scrios mar is cuí).

Mar thacaíocht don éileamh, is iad uimhreacha tagartha na bhFógraí Íocaíochta a chlúdaíonn an tréimshe chuí ná: - (Ba chóir uimhreacha tagartha Fógraí Íocaíochta iomadúla a bheith scartha le camóg.)

Is é luach iomlán na bhFógraí Íocaíochta ná

Is é luach iomlán na n-asbhaintí uile sna Fógraí Íocaíochta seo ná

Is é luach iomlán na cánach iníoctha don bhliain mheasúnaithe
chuí roimhe seo nó an tréimshe chuntasaíochta ná

Ní mór duit an dearbhú seo a shíniú

Dearbhaím an méid seo:

- ☐ • gur dearbhaíodh na brabúis don tréimshe chuntasaíochta roimhe seo nó don bhonntréimhse chun críocha cánach **agus**
- ☐ • go bhfuil an tsuim iomlán cánach iníoctha don bhliain mheasúnaithe nó don tréimhse cuntasaíochta chuí íoctha.

Síniú

Dáta

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

Stádas an tSínitheora

Nótaí

1. Féadtar Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla a asbhaintear ó íocaíochtaí a fhaightear ó sheirbhísí gairmiúla a fhritháireamh in aghaidh an dliteanais i leith na mbrabús ina bhfuil na íocaíochtaí sin san áireamh. Aisíocfar aon fharasbarr cánach iarchoimeádta atá sa bhreis ar an dliteanas sin.
2. Féadtar **aisíocaíochtaí eatramhacha** a dhéanamh, áfach, nuair a chomhlíontar coinníollacha áirithe. Tá achoimre ar na príomhchoinníollacha sa **dearbhú** lastall.
3. Féadfaidh sé nach bhfuil duine sonraithe atá ag éileamh aisíocaíocht eatramhach i ndáil lena chéad / céad / gcéad bhonntreimhse ó thús trádála in ann na coinníollacha sa dearbhú ar leathanach 1 den fhoirm seo a chomhlíonadh. Dá réir sin:
 - (i) ní mór na sonraí agus faisnéis chuí a chur ar fáil don Chigire lena chur ar a chumas na meastacháin a dhéanamh de réir Alt 527(4)(a) den ACC, 1997, agus
 - (ii) ní mór an dáta chuig a ullmhófar na chéad chuntais a lua.
4. Sa chás go ndéanann duine éileamh agus go gcruthaíonn gurb ann do chruatan ar leithligh, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim coinníoll amháin nó níos mó sa **dearbhú** lastall a tharscaoileadh (go hiomlán nó i bpáirt). Níor chóir don duine sin na coinníollacha nach gcomhlíontar a fhágáil gan tic agus ba chóir na sonraí iomlána mar thacaíocht lena éileamh / héileamh/n-éileamh a chur ar fail.
5. Ba chóir an t-éileamh a dhéanamh tríd an tseirbhís M'Fhiosruithe leis na doiciméid chuí (ní theastaíonn admhálacha PDF ón ríomhchóras CISG), faoin catagóir "Aisíocaíocht Eatramhach CISG Cánach Ioncaim" nó "Aisíocaíocht Eatramhach CISG Cánach Corparáide" (le haghaidh corparáidí) mar is cuí.
6. Aon duine a thugann ráiteas bréagach go feasach chun críche aisíocaíocht chánach a fháil, beidh siad faoi dhliteanas pionóis dhiana.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideacht** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.